CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

PREASEISIÚINT Uimh. 50/26
Lucsamburg, 14 Aibreán 2026

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-590/23 | Pelham (Coincheap 'paistís')

# Sonraíonn an Chúirt Bhreithiúnais raon feidhme na heisceachta maidir le 'paistís' i gcomhthéacs na 'samplála' (sampling)

*Tá sé mar aidhm ag an eisceacht sin cothromaíocht chóir a áirithiú idir cóipcheart, ar thaobh amháin, agus saoirse na n-ealaíon, ar an taobh eile, a chosaint*

I gcomhthéacs na díospóide fada maidir le húsáid sampla (*sample*) de thraic ón ngrúpa Gearmánach Kraftwerk, soiléiríonn an Chúirt Bhreithiúnais raon feidhme eisceacht na 'paistíse', lena gceadaítear gnéithe de shaothar atá faoi chosaint cóipchirt a úsáid gan údarú roimh ré ó na sealbhóirí cirt.

Cinneann an Chúirt, *inter alia*, go gcumhdaítear leis an eisceacht sin saothair a mhúsclaíonn saothar amháin nó roinnt saothar atá ann cheana, agus difríochtaí inbhraite á léiriú ina leith, agus a úsáideann cuid dá ngnéithe saintréitheacha atá faoi chosaint cóipchirt, lena n-áirítear trí 'sampláil' (*sampling*), agus é mar aidhm leo dul i ngleic leis na saothair sin in idirphlé ealaíonta nó cruthaitheach atá inaitheanta amhlaidh. Tá an t-idirplé sin in ann cineálacha éagsúla a ghlacadh, go háirithe aithris stíliúil oscailte ar na saothair sin, ómós dóibh nó coimhlint ghreannmhar nó chriticiúil leis na saothair sin.

D'fhoilsigh an grúpa ceoil Gearmánach Kraftwerk, in 1977, fónagram ar a bhfuil an traic '*Metall auf Metall*'.

Rinne beirt bhunaitheoirí an ghrúpa sin agairt os comhair chúirteanna na Gearmáine ar an mbeirt chumadóirí den teideal ceoil '*Nur mir*' agus ar léiritheoir na bhfónagram ar a raibh an traic sin in 1997 (agus arís in 2004), Pelham GmbH. Déanann siad [1] gearán gur sháraigh siad, *inter alia*, an ceart a bhaineann le cóipcheart atá acu ina gcáil mar léiritheoir fónagram [2] trí shampla (*sample*) de thart ar dhá shoicind de sheicheamh rithimeach den traic '*Metall auf Metall*' a chóipeáil i bhfoirm leictreonach agus tríd an sampla sin a áireamh, trí athrá comhleanúnach, sa traic '*Nur mir*'.

Sa díospóid sin, atá fós ar siúl le breis agus 20 bliain [3], tá sé fós le cinneadh an bhfuil an tsampláil sin, ón 7 Meitheamh 2021, dleathach mar úsáid atá chun críoch 'paistíse'. Ar an dáta sin, tháinig eisceacht ar chóipcheart agus ar chearta an léiritheora fónagram i bhfeidhm sa Ghearmáin lena n-údaraítear, chun críoch scigléirithe, scigaithrise nó paistíse, saothar foilsithe a atáirgeadh, a dháileadh agus a chur in iúl don phobal.

Ós rud é go bhfuil bunús na heisceachta sin i ndlí an Aontais [4], d'iarr Cúirt Bhreithiúnais na Cónaidhme ar an gCúirt Bhreithiúnais raon feidhme an choincheapa 'paistís' a shoiléiriú.

Freagraíonn an Chúirt go gcumhdaítear leis an eisceacht maidir le 'paistís' [5] saothair a mhúsclaíonn saothar amháin nó roinnt saothar atá ann cheana, agus difríochtaí inbhraite á léiriú ina leith, agus a úsáideann cuid dá ngnéithe saintréitheacha atá faoi chosaint cóipchirt, lena n-áirítear trí 'sampláil' (*sampling*), agus é mar aidhm leo dul i ngleic leis na saothair sin in idirphlé ealaíonta nó cruthaitheach atá inaitheanta amhlaidh [6]. Tá an t-idirplé sin in ann cineálacha éagsúla a ghlacadh, go háirithe aithris stíliúil oscailte ar na saothair sin, ómós dóibh nó coimhlint ghreannmhar nó chriticiúil leis na saothair sin.

Chun a bheith in ann a chinneadh go mbaintear úsáid 'chun críche' na paistíse, is leor go n-aithneoidh daoine, a bhfuil an

obair atá ann cheana óna bhfaightear na gnéithe lena mbaineann ar eolas acu, an carachtar 'paistíse'. Dá bhrí sin, ní gá a chinneadh go raibh sé beartaithe ag an úsáideoir an saothar a úsáid chun na gcríoch sin.

Tugann an Chúirt faoi deara go mbaintear cothromaíocht chóir amach leis an léiriú sin ar an eisceacht maidir le 'paistís' idir cosaint shaoirse na n-ealaíon agus cosaint cóipchirt, chomh maith le deimhneacht dhlíthiúil.

Is faoi Chúirt Bhreithiúnais na Cónaidhme atá sé cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcás atá os a comhair, agus freagraí na Cúirte á gcur san áireamh. Ina hordú tarchuir, thug Cúirt Bhreithiúnais na Cónaidhme faoi deara, de réir na gcinntí a rinneadh sna himeachtaí roimhe seo [7], go ndéanann an traic '*Nur mir*' comparáid ealaíonta leis an seicheamh rithimeach a atáirgtear ón traic '*Metall auf Metall*', i seánra ceoil éagsúil, agus é, in ainneoin an laghdaithe ar an luas agus ar an aistriú rithimeach, inaitheanta mar thagairt don bhunleagan.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar 'Europe by Satellite' ✆ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Toisc go bhfuair duine den bheirt bás in 2020, tá a thairbhí ina pháirtí sna himeachtaí ó shin i leith.

[2] Ar a bhfuil an traic '*Metall auf Metall*'

[3] Mar fhreagra ar tharchur chun réamhrialú roimhe seo ó Chúirt Bhreithiúnais na Cónaidhme (an Ghearmáin) i gcomhthéacs na díospóide céanna, tá soiléiriú déanta ag an gCúirt Bhreithiúnais cheana féin gur féidir le sampláil a bheith ina sárú ar chearta léiritheoir fónagraim nuair a dhéantar í gan a údarú. Mar sin féin, ní sárú ar na cearta sin é úsáid, i bhfoirm mhodhnaithe agus dho-aitheanta, de shampla fuaime a tógadh ó fhónagram, fiú in éagmais údarú den sórt sin (féach breithiúnas an 29 Iúil 2019, *Pelham agus páirtithe eile*, C-476/17; féach freisin preaseisiúint n° 98/19).

[4] Treoir 2001/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 maidir le gnéithe áirithe den chóipcheart agus de chearta gaolmhara a chomhchuibhiú sa tsochaí faisnéise. Faoin Treoir sin, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le heisceachtaí nó teorainneacha ar na cearta eisiacha atáirgthe agus cumarsáide don phobal, go háirithe i gcás inar chun críoch scigmhagadh, scigaithrise nó paistíse atá an úsáid.

[5] Dá dtagraítear in Airteagal 5(3)(k) den Treoir. Sonraíonn an Chúirt sa chomhthéacs seo nach coincheap iarmharach (Auffangtatbestand) í an eisceacht maidir le 'paistís', sa chaoi go gclúdódh sí aon chineál úsáide cruthaithí ar ábhar atá cosanta ag cóipcheart.

[6] Mar sin, féidir leis an gcoincheap 'paistís' aithrisí ceilte ar ábhair faoi chosaint, nó bradaíl fiú, a chumhdach.

[7] Eadhon, os comhair Ard-Chúirt Réigiúnach Hamburg.